C/2024/3030

30.4.2024

Fógra le haghaidh daoine áirithe atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine

(C/2024/3030)

Dírítear aird Hadi ZAHOURIAN (Uimh. 1), Mohammad Shahab KHANIAN (Uimh. 2), Ehsan Rahat VARNOSFADRANI (Uimh. 3), daoine atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2023/1532 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1529 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise thacaíocht mhíleata na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choimeád agus leasú déanta ar na ráitis ar chúiseanna.

Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun go bhfaighidh siad an ráiteas ar chúiseanna atá beartaithe, **roimh an 7 Bealtaine 2024**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Domhanda agus Cothrománacha
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Maidir le barúlacha a gheofar **roimh an 21 Bealtaine 2024**, cuirfear san áireamh iad chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh 2023/1532/CBES agus le hAirteagal 7(4) de Rialachán (AE) 2023/1529.

([1]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 20.
([2]) IO L 186, 25.7.2023, lch. 1.